Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6787/25**

**COH 15**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mbeartas comhtháthaithe tar éis 2027<br>– *Formheas* |

1. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027 ag cruinnithe na Meithle um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 23 Eanáir, an 6 agus an 20 Feabhra, agus an 7 Márta 2025. Is é an toradh a bhí ar na seisiúin tuairimíochta le toscaireachtaí ar leibhéal na meithle na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí seo ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhtháthú agus leis an mBeartas Comhtháthaithe tar éis 2027**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na Conclúidí seo ón gComhairle gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027;

(2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2022 maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe, ó mhí na Samhna 2023 maidir le todhchaí an Bheartais Comhtháthaithe, ó mhí an Mheithimh 2024 maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, agus ó mhí na Samhna 2024 maidir le ról an Bheartais Comhtháthaithe agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha san Aontas;

(3) MEABHRAÍTEAR DI Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024, ina n-aithnítear gur gá feabhas a chur ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, arb é is aidhm dó cóineasú aníos leanúnach a bhaint amach, éagothromaíochtaí a laghdú, dlús a chur lenár n-athléimneacht agus lenár n-iomaíochas agus fás fadtéarmach a spreagadh ar fud an Aontais, chun forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais a chur chun cinn;

(4) MEABHRAÍTEAR DI príomhtheachtaireacht Dhearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa ina luaitear 'i bhfianaise na réaltachtaí geopholaitiúla nua agus na ndúshlán eacnamaíoch agus déimeagrafach' [...] agus an ghá atá le 'ceannasacht, slándáil, athléimneacht agus tionchar domhanda an Aontais a áirithiú', ba cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh a bheith 'níos iomaíche, níos táirgiúla, níos nuálaí agus níos inbhuanaithe, agus forbairt á déanamh againn ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus cóineasú[...] a áirithiú';

(5) IS DÍOL SÁSAIMH DI go n-aithnítear i dTreoirlínte Polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024−2029 'an gá atá le beartas comhtháthaithe agus fáis neartaithe a bhfuil réigiúin ina chroílár [...] arna gceapadh i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla [chun] aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus sóisialta' [aistriúchán neamhoifigiúil];

(6) AITHNÍONN SÍ tuarascálacha Letta agus Draghi[1], ina bhféachtar chun cinn ar na dúshláin atá os comhair an Aontais agus a chuid beartas laistigh den Mhargadh Aonair;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach'[2] a glacadh an 29 Eanáir 2025;

(8) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar luachanna an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a urramú go héifeachtach sa chleachtas, agus go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú. I ndáil leis an méid sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil nasc soiléir idir an urraim don smacht reachta agus don Chairt ar thaobh amháin, agus cistiú ón Aontas ar an taobh eile, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leas airgeadais an Aontais a chosaint, i bhfianaise an Rialacháin maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint;

**Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus an ról atá aige maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an Aontais**

(9) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil cuspóir an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh, mar a leagtar amach sna Conarthaí é, i gcroílár an tionscadail Eorpaigh agus gur cheart do bheartais agus gníomhaíochtaí an Aontais rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach trína ngné chríochach agus a gcomhordú a chur san áireamh, agus le rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus a bpáirtithe leasmhara, de réir mar is ábhartha. Sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ don Choimisiún anailís tráthrialta a dhéanamh ar éagothromaíochtaí críochacha ar fud na mBallstát agus na réigiún. Ag an am céanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá an ghné chríochach a chorprú i ndearadh agus i gcur chun feidhme chuspóirí bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais chun na cuspóirí sin a bhaint amach.;

---

[1] Enrico Letta: *Much more than a market*, Aibreán 2024; Mario Draghi, *The future of European competitiveness – A competitiveness strategy for Europe* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Straitéis iomaíochais don Eoraip], Meán Fómhair 2024.
[2] 5785/25

(10) IS ÁBHAR IMNÍ DI an tionchar críochach agus sochaíoch neamhshiméadrach atá mar thoradh ar an iliomad dúshlán atá os comhair an Aontais, a Bhallstát agus a réigiún, go háirithe an gá atá le hiomaíochas, athléimneacht agus slándáil a mhéadú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, agus ar dhúshláin dhéimeagrafacha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh éagsúlacht, marbhántacht eacnamaíoch nó sáinn forbartha a bheith i ndán do go leor réigiún mar thoradh ar na dúshláin sin mura dtabharfar aghaidh orthu, agus dá bhrí sin go bhféadfadh éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha leathnú ar fud an Aontais agus an tionscadal Eorpach a chur i mbaol;

(11) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhordú agus gníomhaíochtaí comhleanúnacha ar leibhéal an Aontais, ar cheart iad a fhorbairt i ndlúth-idirphlé idir an Coimisiún, na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus a bpáirtithe leasmhara, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé comhlántachtaí agus sineirgí soiléire a chur chun cinn i measc bheartais an Aontais agus forluí idir ionstraimí éagsúla a sheachaint;

(12) MEASANN SÍ gur cheart, le creat an tSeimeastair Eorpaigh, aghaidh a thabhairt go rialta ar chuspóir an chóineasaithe agus, i gcás inarb ábhartha, ar a ghné chríochach, i gcomhpháirtíocht iomlán leis na Ballstáit;

**Beartas Comhtháthaithe agus an t-iomaíochas**

(13) MEABHRAÍTEAR DI tuarascáil Letta, ina leagtar béim ar an bhfíoras gur príomhchoinníoll é Beartas Comhtháthaithe éifeachtach, a chuirtear chun feidhme ar bhealach cothrom ar fud an Aontais, chun go n-éireoidh leis an Margadh Aonair;

(14) AITHNÍONN SÍ go meastar, le 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach', go bhfuil 'Beartas comhtháthaithe nuachóirithe ríthábhachtach chun fás a neartú, éagothromaíochtaí a laghdú, agus iomaíochas a chothú ar fud an Mhargaidh Aonair, agus tacaíocht á tabhairt san am céanna do réigiúin agus do phobail maidir lena bhforbairt fhadtéarmach agus lena n-aistriú cóir' agus tugann sí dá haire go háirithe an ról a bhaineann le scileanna agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn mar chumasóir cothrománach;

(15) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an t-iomaíochas agus an comhtháthú idirnasctha. Tá an t-iomaíochas de dhíth ar an gcomhtháthú mar spreagadh don fhás, agus i gcás an iomaíochais in éagmais an chomhtháthaithe, ní ligfear don Aontas barr a chumais a bhaint amach. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé iomaíochas an Aontais ina iomláine a neartú agus comhtháthú a fheabhsú ar fud tíortha agus réigiún, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an Aontais ar bhealach ina dtreisítear a chéile;

(16) CREIDEANN SÍ gur gá don Aontas leas a bhaint as na spreagthaí fáis uile atá aige chun borradh a chur faoi iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról an Bheartais Comhtháthaithe maidir le rannchuidiú leis an iomaíochas trí leas a bhaint as acmhainneacht fáis na gcríoch uile, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha, agus trí chur leis na buanna áitiúla. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste, lena bhforbraítear líonraí comhair, lena n-áirítear aistriú eolais, taighde agus nuálaíocht, chun cabhrú le réigiúin cumais iomaíocha a fhorbairt, slabhraí luacha réigiúnacha a neartú agus iad a chomhtháthú i slabhraí luacha domhanda. Chuirfeadh sé sin feabhas ar athléimneacht fhadtéarmach na réigiún, chothódh sé cóineasú aníos agus laghdódh sé éagothromaíochtaí sna réigiúin agus idir na réigiúin, chomh maith le míshástacht shóisialta;

**Dúshraith agus príomhphrionsabail an Bheartais Comhtháthaithe**

(17) MEABHRAÍTEAR DI gurb é an Beartas Comhtháthaithe, a bhfuil ról lárnach aige i dtionscadal lánpháirtíochta na hEorpa, beartas infheistíochta struchtúrach fadtéarmach an Aontais, lena laghdaítear éagothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas agus lena méadaítear cóineasú aníos agus athléimneacht réigiúin an Aontais. MEASANN SÍ gur cheart don Bheartas Comhtháthaithe leanúint de bheith ag rannchuidiú le spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar chuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha;

(18) ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart don Bheartas Comhtháthaithe leanúint de bheith bunaithe ar a phríomhphrionsabail, mar atá bainistíocht chomhroinnte, rialachas il-leibhéil, comhpháirtíocht, chomh maith le cur chuige atá dírithe ar dhaoine agus ar áit, agus iad á gcur i bhfeidhm in éineacht le prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na príomhphrionsabail sin ríthábhachtach do rannpháirtíocht chuí na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus a bpáirtithe leasmhara i gclársceidealú, cur chun feidhme agus bainistiú an Bheartais Comhtháthaithe, ar cheart dó tarlú chomh gar agus is féidir do shaoránaigh na hEorpa agus ar mhaithe leo, ionas go mbeidh seachadadh an bheartais níos dírithe ar dhaoine, go dtiocfaidh sé ón mbun aníos agus go mbeidh sé níos éifeachtúla. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhfíoras go dtreisíonn na prionsabail sin samhail iomlán na lánpháirtíochta Eorpaí agus go gcruthaíonn siad, ag an am céanna, tuiscint ar an bhfreagracht chomhroinnte agus ar na luachanna comhroinnte;

(19) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcur chuige críochach trí ghníomhaíochtaí a chuirtear in oiriúint do riachtanais agus do dheiseanna réimsí éagsúla. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfaí na straitéisí críochacha atá ann cheana sna Ballstáit a chur san áireamh ar bhealach níos fearr le hionstraimí críochacha. CREIDEANN SÍ gur féidir le limistéir feidhme, lena gcuirtear, i measc nithe eile, le naisc idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe, a bheith ina gcreat éifeachtach chun straitéisí saincheaptha a chur chun feidhme agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a théann thar theorainneacha riaracháin;

(20) MEASANN SÍ gur cheart don Bheartas Comhtháthaithe leanúint de bheith ar oscailt do gach réigiún, go háirithe na réigiúin is mídheisiúla, limistéir thuaithe, limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach, dá dtagraítear in Airteagal 174 CFAE. MEASANN SÍ gur cheart ról lárnach a bheith ag an mBeartas Comhtháthaithe i gcónaí maidir le héagothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a laghdú, cabhrú le réigiúin bheagfhorbartha breith suas leis na réigiúin níos forbartha, d'fhonn cóineasú aníos an Aontais a bhaint amach. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an éagobhsaíocht gheopholaitiúil ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar na Ballstáit agus ar na réigiúin is mó atá thíos le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, go háirithe réigiúin a bhfuil teorainn acu leis an Rúis agus leis an mBealarúis agus iad siúd atá ar theorainn na hÚcráine; AITHNÍONN SÍ na dúshláin atá os comhair na mBallstát agus na réigiún, ar dúshláin iad a bhaineann leis an mbrú imirce, lena n-áirítear iad siúd arb iad na coinbhleachtaí leanúnacha is cúis leo.

(21) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na Réigiún is Forimeallaí san Aontas agus ar an méid a chuireann siad le leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn lasmuigh dá theorainneacha Eorpacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le hAirteagal 349 CFAE, lena gcuirtear a lánpháirtiú réigiúnach chun cinn agus lena ráthaítear go léireofar rialacha leormhaithe sa Bheartas Comhtháthaithe tar éis 2027, agus go gcuirfear a sainiúlachtaí agus a srianta san áireamh in aon togra reachtach eile;

(22) LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhfíoras go gcothaíonn gach snáithe den Chomhar Críochach Eorpach naisc réigiúnacha níos láidre agus lánpháirtiú níos láidre i measc na mBallstát, chomh maith le caidreamh dearfach idir an tAontas agus a thíortha comhpháirtíochta. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an comhar idir-réigiúnach, trasnáisiúnta agus trasteorann a neartú, as a dtiocfadh athléimneacht mhéadaithe agus feidhmiú feabhsaithe an Mhargaidh Aonair agus forbairt chomhchuí thar na teorainneacha. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le sineirgí a fheabhsú idir cláir phríomhshrutha agus cláir Interreg;

(23) MEABHRAÍONN SÍ nach uirlis freagartha géarchéimeanna é an Beartas Comhtháthaithe, agus aithníonn sí ag an am céanna a chumas freagairt ar chúinsí neamhthuartha agus gan choinne a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'acmhainneacht forbartha na réigiún. Ag an am céanna, MOLANN SÍ don Choimisiún ceachtanna a fhoghlaim ó na freagairtí a thug an Beartas Comhtháthaithe ar ghéarchéimeanna a bhí ann le déanaí, chun na hionstraimí éigeandála atá ann cheana a chuíchóiriú agus chun a n-éifeachtacht fheabhsaithe a áirithiú;

**Rialachas an Bheartais Comhtháthaithe**

(24) MEASANN SÍ nach mór don bhainistíocht chomhroinnte leanúint de bheith mar mhodh seachadta an Bheartais Comhtháthaithe;

(25) MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá an rialachas il-leibhéil lena gcumasaítear idirghabhálacha éifeachtacha ar na leibhéil chríochacha is iomchuí i ngach Ballstát, agus braistint na freagrachta comhroinnte á neartú ag an am céanna. In éineacht le bainistíocht chomhroinnte agus idirphlé le comhpháirtithe, le linn chéimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme araon, éascaítear leis an rialachas il-leibhéil spriocanna beartais atá bunaithe ar na Conarthaí a bhaint amach agus cumhachtaítear na Ballstáit, na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla leis. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a ról a choinneáil i rialachas an Bheartais Comhtháthaithe agus spriocanna an Aontais a bhaint amach bunaithe ar a n-acmhainneachtaí críochacha agus ar na dúshláin shonracha atá rompu;

(26) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go leanfar, le samhail rialachais an Bheartais Comhtháthaithe, d'urraim a thabhairt do roinnt na n-inniúlachtaí agus don chóras comhordúcháin atá ann cheana idir leibhéil éagsúla rialtais i ngach Ballstát, agus do ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil i gceapadh, clársceidealú, bainistiú agus cur chun feidhme beartais, agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais;

(27) LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hinstitiúidí láidre, dea-rialachas agus cumas riaracháin chun beartais, athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear nuair a bhíonn dúshláin nua agus dúshláin atá ag athrú go tapa os a gcomhair. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, gan an bonn a bhaint de na córais atá ann cheana sna Ballstáit, bearta éifeachtacha a mholadh chun tacú le fothú acmhainneachta riaracháin agus institiúideach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil laistigh de chreat an Bheartais Comhtháthaithe;

**Éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Bheartais Comhtháthaithe**

(28) MEABHRAÍTEAR DI gur beartas infheistíochta fadtéarmach é an Beartas Comhtháthaithe agus gur féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Bheartais Comhtháthaithe a fheabhsú trí dhíriú ar thorthaí. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh an Beartas Comhtháthaithe athchóirithe a chumasú atá ábhartha do chuspóirí an Bheartais Comhtháthaithe, ar athchóirithe iad atá i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, agus tosaíochtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna; LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhfíoras gur cheart príomhphrionsabail agus príomhchuspóirí an Bheartais Comhtháthaithe a urramú agus infheistíochtaí agus athchóirithe á sainiú ag an am céanna;

(29) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí cur chuige feidhmíochtbhunaithe a bhaint amach, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus ó roghanna costas simplithe, chomh maith leis an taithí a fuarthas ó shamhlacha atá ann cheana, agus aird chuí á tabhairt ar na meastóireachtaí agus na hiniúchtaí atá ar fáil ar chórais fheidhmíochtbhunaithe, lena n-áirítear iad siúd a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le cur chuige níos solúbtha, lena n-áirítear sa chlársceidealú, agus le cur chuige níos saincheaptha lena n-aithnítear riachtanais agus dúshláin chríochacha shonracha, má thugtar isteach cur chuige atá bunaithe níos mó ar fheidhmíocht;

(30) Agus dúshraith agus príomhphrionsabail an Bheartais Comhtháthaithe á gcaomhnú aici, IARRANN SÍ go ndéanfaí an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú a thuilleadh ar gach leibhéal agus ag gach céim den chlársceidealú, cur chun feidhme, faireachán, rialú agus iniúchadh; ag an am céanna, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún rialacha cur chun feidhme níos aonfhoirmí a mholadh do chistí an Bheartais Comhtháthaithe, chun iolrú cistí a sheachaint agus chun ilroinnt na tacaíochta a laghdú; LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá sé rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair a shimpliú agus a dhéanamh níos comhleanúnaí in ionstraimí uile an Aontais, lena n-áirítear an Beartas Comhtháthaithe, agus a thábhachtaí atá sé nósanna imeachta soláthair phoiblí a shimpliú, agus cothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir sa Mhargadh Aonair á n-áirithiú ag an am céanna;

(31) MEABHRAÍTEAR DI an gá atá le comhchuibhiú agus comhréireacht na rialuithe agus na n-iniúchtaí, chomh maith le síneadh a chur le cur i bhfeidhm phrionsabal na hiniúchóireachta aonair, agus ardchaighdeáin á gcoimirciú ag an am céanna chun an chalaois agus an t-éilliú a chosc agus a chomhrac ar gach leibhéal;

(32) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Beartas Comhtháthaithe a dhéanamh níos dírithe ar thorthaí, go háirithe cur chuige fianaise-bhunaithe a úsáid agus creat an bheartais a bheidh ann amach anseo á cheapadh, agus na córais sheanbhunaithe faireacháin agus mheastóireachta a fhorbairt agus a shimpliú a thuilleadh chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a mbaintear spriocanna straitéiseacha amach le hinfheistíochtaí agus athchóirithe, chun uirlisí a neartú arb é is aidhm dóibh scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar fhíorthionchair idirghabhálacha beartais, agus chun measúnuithe tionchair chríochaigh a leabú a thuilleadh in ullmhú agus i meastóireacht bheartais;

* * *

(33) TÁ SÍ AG SÚIL leis an gcur i láthair ón gCoimisiún maidir le torthaí an athbhreithnithe beartais ar thionchar na méaduithe a dhéanfar amach anseo ar an mBeartas Comhtháthaithe;

(34) TÁ SÍ AG FANACHT le tograí a fháil don chéad phacáiste reachtach eile maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe a luaithe is féidir in 2025, chun gur féidir caibidlíocht mhear a dhéanamh agus tús tráthúil rianúil a chur lena chur chun feidhme.